



# Gaza

Eochairfhocail: foirithint, stórais, feidhmeannach, carthanachtaí, soláthairtí,

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, idirghníomhaíocht chainte

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cad iad an dá rud is cúis le fulaingt mhuintir Gaza le dhá bhliain anuas?
2. Cén fath a bhfuil an gorta ag éirí níos measa i nGaza?
3. An gceapann tú go bhfuil Angus Lambkin sásta le cúrsaí mar atá siad i nGaza faoi láthair? Cén fáth?
4. Cad as don Fheidhmeannach Sinsearach ó cheann de na heagraíochtaí foirithinte a d'eisigh ráiteas cáinteach?
5. Cá bhfuil cuid mhaith de na soláthairtí bia á stóráil faoi láthair, dar leis an bhFeidhmeannach Sinsearach seo?
6. Cén tuairim atá ag an Taoiseach, Mícheál Martin, faoin gcogadh?
7. Luaigh aicsean amháin ón bpobal idirnáisiúnta ba mhaith le hAngus Lambkin a fheiceáil?
8. Cé mhéad duine a maraíodh san ionsaí aeir is déanaí a rinne Iosrael ar Gaza, dar le Cosaint Shibhialta i nGaza?
9. An bhfuil tú dóchasach go dtiocfaidh deireadh leis an gcogadh seo go luath? Cén fáth?
10. An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi aon chogadh eile atá ar siúl ar domhan faoi láthair? Céard iad na tíortha atá i gceist? Cad atá ag tarlú sa chogadh sin i láthair na huaire?



# Gníomhaíocht Smaointeoireachta don Ardleibhéal: Foghlaim, Breac Síos, Ceartaigh

Foghlaim na príomhabairtí seo a leanas faoin gcoimhlint sa Mheánoirthear. Ansin, clúdaigh na habairtí agus déan iarracht iad a scríobh amach arís sa cholún láir. Seiceáil agus ceartaigh aon bhotúin sa tríú colún.

| **Foghlaim** | **Breac Síos** | **Ceartaigh** |
|---|---|---|
| Tá géarchéim dhaonnúil ann in Gaza anois | | |
| Tá an ghéarchéim ag dul in olcas lá i ndiaidh lae | | |
| Níl go leor soláthartaí bia á ndáileadh ar mhuintir Gaza | | |
| Tá cuid mhaith daoine in Gaza ag fáil bháis leis an ocras | | |
| Tá fulaingt mhuintir Gaza ag leanúint ar aghaidh le dhá bhliain anuas | | |
| Níl go leor á dhéanamh ag tíortha an Iarthair le teacht i gcabhair ar mhuintir Gaza | | |
| Tá cinedhíothú curtha i leith Iosrael ag saineolaithe áirithe | | |
| Deir Rialtas Iosrael go leanfaidh siad ar aghaidh lena gcuid ionsaithe go dtí go gcuirfidh siad an ruaig ar Hamas | | |
| Tá iarrachtaí ar bun ag na Náisiúin Aontaithe chun deireadh a chur leis an gcoimhlint | | |
| Is beag dóchas atá ann anois go mbeidh síocháin i réim sa cheantar sin go ceann i bhfad eile | | |

# Labhairt na Gaeilge (Ard agus Gnáthleibhéal)

Anois, le do pháirtí ranga, labhair lena chéile ar feadh 2 nóiméad faoin gcoimhlint seo.
Déan iarracht cuid de na focail seo a leanas a úsáid in bhur gcuid cainte:

| | |
|---|---|
| tragóid | an pobal idirnáisiúnta |
| foréigean | na Stáit Aontaithe |
| rialtas Iosrael | cinedhíothú |
| na Palaistínigh | fulaingt |
| gorta | easpa gnímh |
| easpa soláthartaí | fuath |
| stair fhada fhuilteach | éadóchas |
| idirbheartaíocht | scrios |



# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Bain úsáid as cuid de na habairtí thuas agus scríobh cuntas ar an gcoimhlint atá ar siúl sa chuid sin den Mheánoirthear faoi láthair. Is leor 150 focal don chur síos. Sa chur síos déan tagairt do na nithe seo a leanas:

· Cathain a thosaigh an cogadh
· Cad ba chúis leis an gcogadh seo
· Fulaingt mhuintir Gaza i rith an chogaidh
· Dearcadh ghnáthmhuintir Iosrael faoin gcogadh
· Na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an bpobal idirnáisúnta
· Cad a tharlóidh amach anseo, i do thuairim

Freagraí

1. Foréigean Iosrael agus gorta atá ag leathadh
2. Níl Iosrael ag ligint do na soláthairtí bia teacht isteach ann
3. Níl. Níl na Náisiúin Aontaithe agus na carthanachtaí eile in ann a gcuid oibre a dhéanamh
4. An Iorua
5. i stórais ar an teorainn le Gaza
6. Gur mór an náire é an cogadh atá á fhearadh ag Iosrael go háirithe ar leanaí beaga, soineanta.
7.Smachtbhannaí ar Iosrael, cur isteach ar ghnónna Iosrael, tuilleadh brú ó na tíortha saibhre.
8. 17 ar a laghad

